Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 09 *10 Samhain 2017*

Ardmholadh ón Rotary Club

Comhghairdeachas le Kate Ní Bhroin, Saoirse Ní Dhuigneáin, Ethan Ó Dúinn agus Éabh Nic Sandair Tay a ghlac páirte in agallaimh cheannaireachta le Naas Rotary Club ar an Máirt. Roghnaíodh Saoirse chun dul ar aghaidh go babhta a dó. San aiseolas a tugadh dúradh gur phribhléid a bhí ann bualadh le hambasadóirí den scoth agus ba thrua nach raibh cead ach duine amháin á ainmniú.

Bliain 1 2018-2019

Le spriocdháta foirmeacha iontrála thart, seolfar ofráil áite i rith na seachtaine seo chugainn.

Iardhalta ar cuairt

Chaith Eoin Ó Briain, rang 2017, am le daltaí sinsearacha na scoile a bheadh spéis acu cúrsa leighis a dhéanamh san ollscoil agus mhol sé dóibh a bheith ag ullmhú i dtreo an HPAT sa chúigiú bliain. Phléigh sé an cúrsa i gColáiste na Trionóide agus saol an mhic léinn.

Gaeilge 24

Beidh ócáid ann sa scoil do 'Gaeilge 24' idir 16:10 agus 17:30 ar an Máirt 14 Samhain. Cuirfidh an Coiste den Ghaelbhratach cluichí agus píotsa ar fáil ar an lá. Beidh daltaí ó Rang a Sé sna bunscoileanna áitiúla ann freisin.

Bréagagallaimh

Gabhaimid buíochas le Comhairle na dTuismitheoirí agus an Roinn Gairmthreorach as an taithí iontach seo a eagrú dár séú bliain. Beidh sé ar siúl tráthnóna Déardaoin 16 Samhain agus foilseofar amanna i rith na seachtaine seo chugainn. Tá sé riachtanach go mbíonn gach duine i láthair roimh am. Mar chuid den ullmhúchán do na bréagagallaimh labhair Noel Dunne leis an séú bliain ar an Déardaoin. Míle buíochas Noel as do chuid ama a chur ar fáil go fial.



Eolaíocht na Dara Bliana

Tá an-obair á dhéanamh ag rang na dara bliana san Eolaíocht. Tá said ag déanamh staidéir ar an ngrianchóras le déanaí. Tá siad an-bhródúil as a gcuid oibre agus iad ag baint an-tairbhe as an gcúrsa nua eolaíochta.

Scléip na hÓige 2017

D'fhreastal Helena agus seisear daltaí ón ngrúpa Ógras ar Scléip na hÓige i gCill Airne ón 1-3 Samhain. Chaith siad dhá lá i mbun imeachtaí Gaelacha mar shampla céilí, cluichí, dioscó leis an mbanna ceoil SEO LINN agus rothaíocht thart ar Pháirc Náisiúnta Chill Airne. Bhí am den chéad scoth acu agus tugadh ardmholadh do na daltaí mar gheall ar an spiorad agus an Gaelachas a léirigh siad. Bhuaigh siad dhá bhonn óir do shacar agus unihaca faoi 15. Bhuail siad le daltaí eile ó Chumann na bhFiann agus Spleodar ann. Tá siad ag súil le Scléip na hÓige 2018 cheana féin.

Ionad Cúraim

Thug daltaí 4C cuairt ar an Ionad Cúraim do sheandaoine ar an Máirt áit a ndearna siad fíodóireacht agus labhair siad leis na daoine ann freisin.

Béal Feirste

Tá daltaí 4C gníomhach ag ullmhú dá dturas go Béal Feirste a tharlóidh ar an 23/24 Samhain. Rachaidh 4S an mhí seo chugainn ar an 11/12 Nollaig.

Comhairle na nDaltaí

Bhí cruinnithe ag Comhairle na nDaltaí le déanaí. Tá daltaí ó gach bliain páirteach ann. Tá roinnt smaointí spéisiúla acu don scoil.

I'm a Celebrity

Guímid ádh mór ar Aoife atá ag glacadh páirte in 'I'm a Celebrity' in CLG Nás na Ríogh Dé Sathairn (11 Samhain) ag a 20:00. Beidh ticéid ar fáil ag an doras ar an oíche.

Dátaí Tábhachtacha

14 Samhain: Gaeilge 24
16 Samhain: Bréagagallamh don 6ú bliain
21 Samhain: Turas Ceoil Tchaikovsky
22 Samhain: 3J ar thuras OSSP chuig na Cúirteanna Coiriúla Breithiúnais
23-24 Samhain: 4C i mBéal Feirste
23-28 Samhain: Scrúduithe scoile
7 Nollaig: Cruinniú Múinteoirí agus Tuismitheoirí Bliain 6 (4:15 – 6:45)
14 Nollaig: Cruinniú Múinteoirí agus Tuismitheoirí Bliain 3 (4:15 – 6:45)

Tá gach eolas reatha ar fáil ar www.gccd.ie.

Seanfhocal na Seachtaine: **"An t-ualach is mó ar an gcapall is míne"**

Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 09

10 November 2017

High praise from Naas Rotary Club

Congratulations to Kate Ní Bhroin, Saoirse Ní Dhuigneáin, Ethan Ó Dúinn and Éabh Nic Sandair Tay on partaking in the Naas Rotary Club Leadership interviews on Tuesday. Saoirse was nominated to represent the school in the second round. The feedback received mention the privilege to meet such wonderful ambassadors and that it was a pity that only one candidate could be nominated.

First Year 2018-2019

With the deadline for return of enrolment forms passed, letters offering places will be posted during next week.

A visit from a Former Student

Eoin Ó Briain, class of 2017, spent some time with senior cycle students who are interested in pursuing a medical course in college and he advised them to prepare towards the HPAT in fifth year. He discussed his course in Trinity College and the life of a student.

Gaeilge 24

There will be an event in the school for 'Gaeilge 24' between 16:10 and 17:30 on Tuesday the 14th November. The Gaelbhratach Committee will organise games and pizza. Students from sixth class in the local primary schools will also be in attendance.

Sixth Year Mock Interviews

We thank the Parent's Association and the Career Guidance Department for organising such an experience for our 6th year students. The Mock Interviews will take place on Thursday evening, 16th November and students will be notified of interview times during the week. It is vital that all students arrive before the allocated time. In preparation for the interviews Noel Dunne spoke to the 6th year students on Thursday.

Second Year Science

The second year students are doing great work in science class. They recently studied the solar system. They are very proud of their work.

Scléip na hÓige 2017

Helena and six students from the Ógras group attended the Scléip na hÓige event in Killarney from the 1-3 November. They spent two days participating in Gaelic events such as a céilí, games, disco with the music group SEO LINN and cycling around Killarney National Park. They had a great time and the students received great praise for the spirit and Gaelachas they displayed. They won two gold medals for soccer and for under 15 uni-hockey. They met other students from Cumann na bhFiann and Spleodar there. They are already looking forward to Scléip na hÓige 2018.

Care Centre

Students from 4C visited the Care Centre for the elderly on Tuesday where they were weaving and they also spoke to the residents.

Belfast

Students from 4C are busy preparing for their trip to Belfast on the 23/24 November. 4S will go next month from the 11/12 December.

Student Council

The Student Council held meetings recently. Students from every year participate on the committee. They have a few interesting ideas for the school.

I'm a Celebrity

Best of luck to Aoife who is taking part in 'I'm a Celebrity' in Naas GAA on Saturday (11th November) at 20:00. Tickets available at the door.

Important Dates

14 November: Gaeilge 24
16 November: 6th year mock interviews
21 November: Tchaikovsky music trip
22 November: 3J on an OSSP trip to the Criminal Courts of Justice
23-24 November: 4C in Belfast
23-28 November: School Exams
7 December: 6th year Parent-Teacher meetings (4:15 – 6:45)
14 December: 3rd year Parent-Teacher meetings (4:15 – 6:45)

All up-to-date information available on www.gccd.ie.

Seanfhocal na Seachtaine: "The heaviest load is on the gentlest horse"